Cork City Council

Comhairle Cathrach Chorcaí

Stiúrthóireacht Phleanála & Forbartha

Halla na Cathrach, Corcaigh

FOIRM GHEARÁIN FORFHEIDHMITHE

LÉIGH NA NÓTAÍ LE DO THOIL SULA gCOMHLÍONTAR AN FHOIRM SEO

1(a)	**Suíomh na forbartha neamhúdaraithe líomhanta: (féach nóta 3)**	
1(b)	**An bhfuil an fhorbairt os comhair, taobh le nó ar chúl na réadmhaoine:**	
2(a)	**Sonraí an ghearáin: (nádúr na forbartha neamhúdaraithe líomhanta – féadfar faisnéis agus/nó sceitsí breise a sholáthar ar bhileog ar leith) (Féach nótaí 8 & 9)**	
2(b)	**Cúiseanna leis an ngearán: (sonraigh saincheisteanna áirithe a chuirfeadh bonn le Litir Rabhaidh a eisiúint i do thuairim)**	
3	**Má bhaineann sé le cead/faomhadh pleanála, luaigh an uimh. thagartha phleanála agus sonraigh coinníollacha nó téarmaí (líníochtaí s.rl.) nár cloíodh leo: (féach nóta 4)**	
Maidir le codanna 4, 5 agus 6 thíos is féidir seoltaí teagmhála agus seoltaí gnó breise a sholáthar má tá siad ar eolas:		
4(a)	**Ainm an duine (na ndaoine) ag cur na forbartha neamhúdaraithe líomhanta i gcrích: (féach nóta 2)**	
4(b)	**Seoladh ag a gcónaíonn an duine/na daoine seo de ghnáth:**	

5(a)	**Ainm an úinéara (na n-úinéirí) talún/an Tiarna (na dTiarnaí) Talún: (féach nóta 2)**	
5(b)	**Seoladh ag a gcónaíonn an duine/na daoine seo de ghnáth:**	
6(a)	**Ainm an áititheora (na n-áititheoirí: (féach nóta 2)**	
7	**<u>Dáta tosaithe na forbartha:</u> Sonraigh conas is féidir leat an dáta seo a lua le cinnteacht. (féach nóta 5)**	
8	**Má líomhnaítear úsáid neamhúdaraithe/athrú ar úsáid, sonraigh an úsáid roimhe seo:**	
9	**Sa chás go mbreithnítear go bhfuil imeachtaí cúirte riachtanach deimhnigh le do thoil go bhfuil tú toilteanach fianaise a thabhairt sa chúirt thar ceann na Comhairle: (féach nóta 5 & 7)**	**Tá:** ☐ **Cuir tic sa bhosca le do thoil**
10	**An ndéanann tú agóid i gcoinne nochtadh d'aitheantais: (féach nóta 6)**	**Déanann** **Ní dhéanann**
11	**Ainm, seoladh agus uimhir (uimhreacha) ghutháin an duine ag déanamh an ghearáin: (féach nóta 10)**	

TÁ NA NÓTAÍ A BHAINEANN LEIS AN BHFOIRM SEO LÉITE AGAM AGUS TUIGIM A GCUID IMPLEACHTAÍ

12 **<u>SÍNIÚ:</u>** **Sínithe:**

Tabhair faoi deara: <u>NÍ</u> dhéanfar imscrúdú ar aon ghearán mura dtugtar ainm agus seoladh agus mura bhfuil an fhoirm sínithe. (féach nóta 10) **Dáta:**

Seol an fhoirm seo ar ais chuig: **Comhairle Cathrach Chorcaí**
Stiúrthóireacht Phleanála & Forbartha
Halla na Cathrach
Corcaigh

NÓTAÍ NA FOIRME GEARÁIN PLEANÁLA

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA GCOMHLÍONTAR AN FHOIRM.

1. Caithfear na ceisteanna go léir ar an bhfoirm **a fhreagairt ina n-iomláine** chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an mbaineann substaint nó bonn le gearán agus chun eisiúint Litreach Rabhaidh bailí a chumasú, má mheastar go bhfuil sé oiriúnach. Má thugtar seoltaí míchearta/neamhiomlána, ní bheifear in ann Litir Rabhaidh bailí a eisiúint. Mura bhfuil go leor faisnéise ar fáil, ní fhéadfar an gearán a imscrúdú agus/nó a sheoladh ar ais le haghaidh tuilleadh forbartha.

2. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí Litir Rabhaidh a eisiúint chuig an duine (na daoine) a ainmníonn tú sa bhFoirm Ghearáin Phleanála bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar sa bhfoirm. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go mbeadh an fhaisnéis a thugtar cruinn agus mionsonraithe.

3. Ba chóir léarscáil de shuíomh an láithreáin a cheangal nuair is féidir.

4. Má tá iarratas ar Chead Pleanála curtha isteach/bronnta ba chóir an Uimhir Phleanála ábhartha a lua. Tabhair faoi deara le do thoil nuair a dhéantar achomharc ar chinneadh na Comhairle Cathrach chuig An Bord Pleanála go ngabhann cinneadh An Bhoird Phleanála in ionad cinneadh na Comhairle Cathrach. I gcásanna dá leithéid is iad coinníollacha de chuid cinneadh An Bhoird Phleanála atá ábhartha.

5. Cuireann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 teorainneacha ama reachtúla i bhfeidhm i ndáil le glacadh na Comhairle le bearta Forfheidhmithe. Dá bhrí sin, dá dtionscnófaí imeachtaí dlíthiúla i leith an ábhair seo, d'fhéadfadh go mbeadh ar an duine a dhéanann an gearán fianaise a thabhairt sa chúirt maidir le dáta tosaithe na forbartha neamhúdaraithe. Mura gcuirtear an fhianaise seo ar fáil d'fhéadfadh nach mbeadh an Chomhairle in ann déileáil go hiomlán leis an ngearán seo.

6. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003 – Is ionann gearáin a bhaineann le forbairt neamhúdaraithe agus cuid de thaifid na Comhairle chun críocha na n-achtanna thuas. Déanfaidh an Chomhairle a dícheall aon ghearáin a dhéantar i modh rúin agus de mheon macánta a choimeád faoi rún. Ní féidir leis an gComhairle é seo a rathú go iomlán áfach, toisc gur féidir le hiarratasóirí iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a achomharc chuig an Coimisinéir Faisnéise.

7. I gcás imeachtaí dlíthiúla, d'fhéadfadh an Chúirt nó aturnaetha an fhorbróra nádúr an ghearáin agus d'ainm/do sheoladh a iarraidh agus d'fhéadfadh go mbeadh ort dul os comhair na Cúirte chun fianaise a thabhairt i dtacú le haon imeachtaí forfheidhmithe a thiocfadh chun cinn.

8. Ní dhéanfaidh an tÚdarás Pleanála imscrúdú ar ghearáin de nádúr sibhialta, cosúil leo sin a bhaineann le cúngach, cearta slí príobháideacha, foghail, núis phríobháideach agus díospóidí teorainne sibhialta s.rl.

9. Sula ndéantar gearán scríofa, ba chóir a chinntiú go bhfuil an t-ábhar laistigh de scóip an rialaithe phleanála. D'fhéadfadh ábhair áirithe, cosúil le gearáin a bhaineann le bóithre (páirceáil), uisce, draenáil, tithíocht Chomhairle, struchtúir chontúirteacha, comhshaol (bruscar, leibhéil torainn) a bheith laistigh de théarmaí tagartha na Stiúrthóireachtaí Comhairle eile agus ba chóir iad a dhíriú orthu sin.

10. Mura bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear intuigthe, an fhoirm sínithe agus ainm agus seoladh an duine ag déanamh an ghearáin tugtha, ní dhéanfar imscrúdú ar an ngearán sin.

Meabhrán Míniúcháin

Comhairle Cathrach Chorcaí – Rannóg Forfheidhmithe Pleanála

Gearáin Scríofa maidir le forbairtí neamhúdaraithe líomhanta

Fáiltíonn an tÚdarás Pleanála roimh ghearáin scríofa ó dhaoine atá imníoch faoi fhorbairtí neamhúdaraithe. Bíonn ról tábhachtach ag gearáin dá leithéid in aithint agus rialú sáruithe ar an gcód Pleanála.

Faoi Reachtaíocht Pleanála agus de bharr imeachtaí coiriúla féideartha a bheith á dtionscnamh mar thoradh ar ghearáin á fháil, caithfidh an tÚdarás Pleanála a chinntiú go bhfaightear na gearáin uile i scríbhinn.

Nuair a chineann an tÚdarás Pleanála go bhfuil gearán scríofa cráiteach, suaibhreosach, gan substaint/bonn, mionchúiseach nó de bheagthábhacht, ní leanfar le tuilleadh beart forfheidhmithe.

D'fhonn a chinntiú go gcuirtear gníomh éifeachtach i bhfeidhm i ndiaidh gearáin dá leithéid a fháil agus a imscrúdú, éilítear ar dhaoine a dhéanann gearáin scríofa cloí go hiomlán leo seo a leanas.

1. Caithfidh an gearán go leor substainte a chuimsiú chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála Litir Rabhaidh a eisiúint, má bhreithnítear go bhfuil sé oiriúnach. Dá bhrí sin ba chóir do ghearáin an méid seo a leanas a chur in iúl:

    (i) Ainm agus seoladh an duine (na ndaoine) ag cur na forbartha neamhúdaraithe líomhanta i gcrích agus/nó
    (ii) Ainm/seoladh úinéir agus/nó áititheoir na talún atá i gceist, má tá difriúil ón méid thuas.
    (iii) Cur síos soiléir ar an seoladh/láthair ina bhfuil an fhorbairt á cur i gcrích. Bíonn léarscáil a dhéanann imlíniú ar láthair an tsuímh cabhrach le haghaidh na críche seo de ghnáth.
    (iv) Cur síos soiléir ar na hoibreacha/ar an bhforbairt líomhanta atá i gceist.
    (v) Léiriú soiléir ar <u>cathain</u> a cuireadh tús leis an bhforbairt neamhúdaraithe líomhanta.
    (vi) I gcás neamhchomhlíonadh Ceadúnais Phleanála, an uimhir thagartha ábhartha (an tÚdarás Pleanála/An Bord Pleanála) agus an choinníoll (na coinníollacha) ábhartha.

    Is ionann na sonraí thuasluaite agus an <u>t-íosmhéid</u> atá ag teastáil ón Údarás Pleanála ionas go measfar go mbaineann substaint le gearán scríofa. Ceadóidh sonraí dá leithéid don Údarás Pleanála (má bhreithnítear go bhfuil sé riachtanach/oiriúnach sna cúinsí) Litir Rabhaidh a eisiúint laistigh den tréimhse sé seachtaine a éilíonn Reachtaíocht Pleanála. Tabhair faoi deara le do thoil má eisítear Litir Rabhaidh go ndéanfar é ar bhonn na faisnéise agus na sonraí a sholáthraíonn tú.

    Má bhíonn na gearáin a fhaightear neamhiomlán, iarrfar tuilleadh faisnéise agus/nó soiléirithe orthu siúd a dhéanann iad, de réir mar is cuí le tabhairt i scríbhinn. Déanfar

breithniú ar an gcás ansin maidir le heisiúint Litreach Rabhaidh (de réir an nós imeachta ginearálta dá dtagraítear thuas) laistigh de sé seachtaine i ndiaidh tuilleadh sonraí faisnéise scríofa a fháil.

2. Iarrtar ort staonadh ó ghearáin leanúnacha a dhéanamh maidir leis an ábhar imscrúdaithe– - tá tréimhse sé seachtaine ag an Údarás Pleanála, i ndiaidh na gearáin scríofa a fháil, chun Litir Rabhaidh a eisiúint agus imscrúdú a chur i gcrích tar éis na Litreach Rabhaidh a sheirbheáil. Chomh luath agus a admhaítear go bhfuarthas na gearáin iarrtar ar dhaoine staonadh, i rith na tréimhse sé seachtaine seo, ó ghlao ar, ó ghlaoch chuig nó ó scríobh chuig an Rannóg Forfheidhmithe, i ndáil le dul chun cinn ar an ngearán. Cuireann sé seo moill dosheachanta ar ghníomh forfheidhmithe toisc gur gnáth d'am agus d'acmhainní foirne finideacha a bheith caite le déileálacha iolracha le daoine a bhíonn ag déanamh gearáin. Ní ar mhaithe leo siúd atá ag déanamh na ngearán ná leis an Údarás Pleanála féin, ná leis an bpobal ginearálta faoi dheoidh an staid seo.

   Iarrtar mar sin go gceadófaí don Údarás Pleanála gearáin a phróiseáil laistigh den tréimhse sé seachtaine seo. Má thagtar ar tuilleadh sonraí/faisnéise suntasaí maidir leis an gcás i rith na tréimhse seo áfach (m.sh. i ndáil le haitheantas na bhforbróirí/na n-úinéirí s.rl.), ná bíodh leisce ort ár n-aird a dhíriú ar fhaisnéis dá leithéid, i scríbhinn.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997-2003 – Is ionann gearáin a bhaineann le forbairt neamhúdaraithe agus cuid de thaifid na Comhairle chun críocha na n-achtanna thuas. Déanfaidh an Chomhairle a dícheall aon ghearáin a dhéantar i modh rúin agus de mheon macánta a choimeád faoi rún. Ní féidir leis an gComhairle é seo a rathú go iomlán áfach, toisc gur féidir le hiarratasóirí iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a achomharc chuig an Coimisinéir Faisnéise.

   De bharr imeachtaí coiriúla féideartha a bheith á dtionscnamh mar thoradh ar ghearáin a fhaightear, ba mhaith leis an gComhairle a chur in iúl nach féidir le duine a dhéanann gearáin scríofa, agus go dtarlaíonn sé go ndearnadh na gearáin de mheon mímhacánta nó mailíseach, a bheith ag súil leis go ndéileálfar le taifead (taifid) a ghearáin/gearáin go rúnda.

4. Aiseolas ón Údarás Pleanála – Tar éis gearán a phróiseáil d'fhéadfadh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh Litir Rabhaidh agus/nó Fógra Forfheidhmithe a eisiúint nó gan a eisiúint. Nuair a chinntear gan Fógra Forfheidhmithe a eisiúint, cuirfidh an tÚdarás Pleanála é sin in iúl laistigh de choicís i ndiaidh an chinnidh.

   Nuair a sheirbheáiltear Fógra Forfheidhmithe, cuirfear in iúl duit é.

   Déantar foráil ar leith do na fógraí thuasluaite faoi fhorálacha forfheidhmithe an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000. Tugann an tÚdarás Pleanála faoi fhógra a thabhairt freisin áfach, má eisítear Litir Rabhaidh nó má chinntear nach bhfuil Litir Rabhaidh barántaithe.

Rannóg Forfheidhmithe,
Comhairle Cathrach Chorcaí
Stiúrthóireacht Phleanála & Forbartha.
Meitheamh, 2006.